Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**9493/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0101(NLE)**

**AELE 32**
**MI 467**
**AND 5**
**SM 5**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Aibreán 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 189 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 189 final.

Faoi iamh: COM(2024) 189 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.4.2024
COM(2024) 189 final

2024/0101 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2014, tá comhaontú comhlachais forleathan caibidlithe ag an gCoimisiún le hAndóra agus San Mairíne lena bhforáiltear maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i margadh inmheánach an Aontais Eorpaigh agus le comhar lasmuigh de na ceithre shaoirse. Sna conclúidí uaithi a glacadh i mí an Mheithimh 2022, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht faoi dheireadh 2023. An 7 Nollaig 2023, tugadh an chaibidlíocht chun críche agus comhaontaíodh Comhaontú Comhlachais ar leibhéal na bPríomh-Idirbheartaithe. Rinneadh an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal um CSTE na Comhairle. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi thoradh na caibidlíochta.

Is éard atá sa togra atá i gceangal leis seo an ionstraim dlí lena n-údaraítear tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Prionsacht Andóra ('Andóra') agus Poblacht San Mairíne ('San Mairíne'), faoi seach (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta).

Déantar foráil sa Chomhaontú maidir le rannpháirtíocht Andóra agus San Mairíne, faoi seach, i margadh inmheánach leathnaithe aonchineálach faoi choinníollacha comhionanna iomaíochta agus le hurraim do na rialacha céanna, agus faoi na beartais chothrománacha agus tionlacain ghaolmhara, agus an tráth céanna cuirtear é in ionad na n-aontas custaim atá ann faoi láthair idir an tAontas agus gach ceann de na tíortha sin.

Ina theannta sin, áirítear sa Chomhaontú creat le haghaidh comhar a d'fhéadfadh a bheith ann i réimsí beartais lasmuigh de na ceithre shaoirse amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartais shóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, cultúr agus comhar réigiúnach.

Chun feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, déantar foráil sa Chomhaontú maidir le hailíniú dinimiciúil rialála. Foráiltear leis freisin gurb é an Coimisiún an t-údarás freagrach atá i gceannas ar dhlí an Aontais maidir le Státchabhair a chur i bhfeidhm in Andóra agus i San Mairíne. Ina theannta sin, áirítear sa Chomhaontú forálacha lena mbunaítear sásra um réiteach díospóidí agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar eadránaí ar dhíospóidí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Ar deireadh, déantar staid Andóra agus San Mairíne mar Stáit bheaga a chur san áireamh, i gcomhréir le Dearbhú 3 maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)[1]. Léirítear an méid sin le roinnt oiriúnuithe ar fhorálacha ghníomhartha dlí an Aontais a áirítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú, agus le roinnt idirthréimhsí i ndáil le codanna de *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Baineann oiriúnuithe earnála go háirithe le réimse na saorghluaiseachta daoine ina bhforáiltear maidir le teorainneacha cainníochtúla i leith cineálacha áirithe cónaithe arna spreagadh ag na teorainneacha a comhaontaíodh le Lichtinstéin sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2]. Déantar foráil freisin maidir le hidirthréimhsí i réimsí amhail teileachumarsáid, iompar nó fuinneamh. Áirítear oiriúnuithe sonracha freisin maidir le hearnáil tionsclaíoch ar leith a bheith fágtha ar lár, amhail codanna den earnáil iompair.

---

[1] Dearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach: '*Cuirfidh an tAontas san áireamh staid shonrach na dtíortha beagmhéide a dhéanann caidreamh sonrach gaireachta a choimeád ar bun leis*.'

[2] Féach Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Comhaontú LEE.

Ceadaítear leis an gComhaontú freisin rochtain céimnithe ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, trína bhféadfaidh Andóra agus San Mairíne cinneadh a dhéanamh gan rochtain a lorg ar mhargadh inmheánach iomlán an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais. Níor cheart an fhéidearthacht sin a bheith ann níos faide ná 15 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe. I bhfianaise shainiúlachtaí Andóra agus San Mairíne agus na rialacha agus na bhforálacha sonracha gaolmhara a tugadh isteach chun freastal ar chomhtháthú margaidh ordúil fónta, ba ghá rochtain ar an margadh i réimse na seirbhísí airgeadais a chur faoi réir coimircí sonracha breise lena rialaítear an caidreamh idir na Ballstáit sa mhargadh inmheánach, go háirithe i ndáil leis na ceanglais maidir le soláthar áitiúil seirbhísí agus cumhachtaí éigeandála na nÚdarás Maoirseachta Eorpach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Garsprioc suntasach is ea an Comhaontú lena bhfreagraítear go díreach, ar thaobh amháin, cuspóir an Aontais caidreamh speisialta a fhorbairt le tíortha comharsanachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 CAE agus, ar an taobh eile, suim shonraithe an dá thír sin i gcaidreamh níos dlúithe a fhorbairt leis an Aontas.

Príomhleasanna an Aontais, mar a luaitear i dTeachtaireacht 2012 ón gCoimisiún[3] agus i dtuarascáil 2013,[4] agus mar a léirítear i gconclúidí a tháinig ina dhiaidh sin ón gComhairle, agus ar deireadh i dtreoracha caibidlíochta na Comhairle, áirítear leo an méid a d'fhéadfadh naisc eacnamaíocha níos dlúithe a dhéanamh chun gníomhaíocht fostaíochta, trádála agus infheistíochta méadaithe a bhaint amach sna réigiúin den Aontais atá i gcomharsanacht na dtíortha sin. I bhfianaise na mbacainní ar rochtain na dtíortha beaga ar mhargadh inmheánach an Aontais agus ar chomhar i réimsí eile, bheadh acmhainneacht shuntasach ann caidreamh a fhorbairt a thuilleadh chun tairbhe gach páirtí trí dheireadh a chur le bacainní ar ghníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann.

Ina theannta sin, bunaítear leis an gComhaontú creat institiúideach comhleanúnach éifeachtúil don chaidreamh, lena n-áirítear forálacha institiúideacha chun a áirithiú go gcaomhnófar aonchineálacht agus dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, dodhealaitheacht na gceithre shaoirse agus deimhneacht dhlíthiúil, agus staid ar leith gach ceann de na tíortha sin á cur san áireamh an tráth céanna.

**a) An tAontas Eorpach agus Andóra**

Tá dlúthnaisc le chéile bunaithe de réir a chéile ag an Aontas agus Andóra, *inter alia*, tar éis dóibh roinnt comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích.

Scoirfidh na comhaontuithe déthaobhacha a liostaítear thíos d'éifeacht a bheith acu, agus tiocfaidh an Comhaontú seo ina n-ionad. Gabhfaidh éifeacht le foirceannadh na gcomhaontuithe sin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe:

- Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Andóra an 28 Meitheamh 1990[5]; agus
- Comhaontú Comhair idir an Comhphobal Eorpach agus Andóra an 15 Samhain 2004[6].

---

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh le Prionsacht Andóra, le Prionsacht Mhonacó agus le Poblacht San Mairíne — Roghanna maidir le comhtháthú níos dlúithe leis an Aontas Eorpach (COM(2012) 680 final/2), an Bhruiséil 20.11.2012.

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Caidreamh an Aontais Eorpaigh le Prionsacht Andóra, le Prionsacht Mhonacó agus le Poblacht San Mairíne: Roghanna maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin sa Mhargadh Inmheánach (COM/2013/0793 final), an Bhruiséil, 18.11.2013.

[5] IO L 374, 31.12.1990, lch. 16.

Fanfaidh na comhaontuithe déthaobhacha a liostaítear thíos i bhfeidhm tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe:

- Comhaontú Airgeadaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Andóra an 30 Meitheamh 2011[7]; agus
- Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Andóra lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle an 15 Samhain 2004 maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas[8].

**b) An tAontas Eorpach agus San Mairíne**

Tá dlúthnaisc le chéile bunaithe de réir a chéile ag an Aontas agus San Mairíne, *inter alia*, tar éis roinnt comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích.

Scoirfidh an comhaontú déthaobhach a liostaítear thíos d'éifeacht a bheith aige, agus tiocfaidh an Comhaontú seo ina ionad. Gabhfaidh éifeacht le foirceannadh an chomhaontaithe sin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe:

- Comhaontú maidir le Comhar agus Aontas Custaim idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht San Mairíne an 16 Nollaig 1991[9].

Fanfaidh na comhaontuithe déthaobhacha a liostaítear thíos i bhfeidhm tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe:

- Comhaontú Airgeadaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus San Mairíne an 27 Márta 2012[10]; agus
- Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus San Mairíne lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis agus Meabhrán Tuisceana an 7 Nollaig 2004 a ghabhann leis[11].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Comhaontú iomlán comhsheasmhach le beartais an Aontais agus urramaíonn sé na Conarthaí go hiomlán, agus sláine agus uathriail dhlíchóras an Aontais á gcaomhnú aige. Ní chuirfidh an Comhaontú de cheanglas ar an Aontas a chuid rialacha, rialachán ná caighdeán a leasú in aon réimse rialáilte. Cuireann siad luachanna, cuspóirí, agus leasanna an Aontais chun cinn, agus áirithíonn siad comhsheasmhacht, éifeachtacht agus leanúnachas a bheartas agus a ghníomhaíochtaí.

## 2. BUNÚS DLÍ

Is é Airteagal 217 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir le tabhairt i gcrích. Is é an bunús dlí sin an bunús dlí is iomchuí i bhfianaise raon feidhme leathan an Chomhaontaithe atá beartaithe.

Is iad Airteagal 218(6) CFAE, Airteagal 218(7) CFAE agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE an bunús dlí nós imeachta.

---

6 IO L 135, 28.5.2005, lch. 14.
7 IO C 369, 17.12.2011, lch. 1.
8 IO C 359, 4.12.2004, lch. 33.
9 IO C 302, 22.11.1991, lch. 12.
10 IO C 121, 26.4.2012, lch. 5.
11 IO C 381, 28.12.2004, lch. 33.

Foráiltear le hAirteagal 218(6) CFAE do chonclúid de bhun cinneadh ón gComhairle, tar éis do Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt.

Foráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE do vótáil aontoilíochta sa Chomhairle.

Ina theannta sin, cuireadh Airteagal 218(7) CFAE isteach mar bhunús dlí toisc gurb iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú le formheas a dhéanamh ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú thar ceann an Aontais Eorpaigh atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(6) CFAE, Airteagal 218(7) CFAE agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, an bunús dlí don Chinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

## 3. EILIMINTÍ EILE

- **Cur chun feidhme ag comhlachtaí arna mbunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair**

Bunaítear leis an gComhaontú creat institiúideach atá comhdhéanta de Choiste Comhlachais ar a bhfuil ionadaithe ón Aontas, ó Andóra agus ó San Mairíne, chomh maith le Comhchoiste agus roinnt Fochoistí idir an tAontas agus gach ceann den dá thír. Déantar foráil leis an gComhaontú maidir le sásra chun aghaidh a thabhairt ar mhainneachtain ag ceann amháin de na Páirtithe oibleagáidí arna nglacadh faoin gComhaontú a chomhlíonadh.

- **Cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe**

I gcomhréir le hAirteagal 216(2) CFAE, beidh comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach ina gceangal ar institiúidí an Aontais agus ar a Bhallstáit.

Is iomchuí an Coimisiún a údarú, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, formheas a dhéanamh ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú thar ceann an Aontais atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú. Baineann na modhnuithe sin le hAirteagal 108 den Chreat-Chomhaontú a mhéid a bhaineann le leasuithe ar na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe, gan na hIarscríbhinní a ghabhann leo a áireamh.

Ba cheart don Choimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas roimh ré faoi na modhnuithe atá beartaithe thuas. Féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne na modhnuithe sin atá beartaithe trí mhionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) CAE. Sa chás sin, ní mór don Choimisiún na modhnuithe atá beartaithe a dhiúltú thar ceann an Aontais, gan dochar don fhéidearthacht togra a chur faoi bhráid na Comhairle ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.

Is iomchuí freisin an Coimisiún a údarú, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar an seasamh maidir le cinntí ó na Comhchoistí nach ndéanann ach gníomhartha an Aontais a áirítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe a leathnú chuig Andóra agus San Mairíne faoi seach, faoi réir oiriúnuithe teicniúla.

Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin gComhaontú a ráthú, tá sásraí forfheidhmithe láidre ann. Foráiltear leis an gComhaontú freisin go bhféadfaidh na Páirtithe bearta a dhéanamh chun a leasanna a chosaint, amhail bearta cúitimh i ndáil le cur i bhfeidhm mícheart an Comhaontaithe, bearta coimirce i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha agus comhshaoil de chineál réigiúnach a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe nó bearta coimirce i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéanamh an duine a dhéanann difear do cheann de na Páirtithe. Tá sé tábhachtach go

mbeadh an tAontas lán-ábalta na bearta sin a úsáid go pras éifeachtach. Chun na críche sin, go dtí go dtiocfaidh gníomh reachtach sonrach lena rialálfar glacadh na mbeart thuasluaite i bhfeidhm san Aontas, is é an Coimisiún a dhéanfaidh aon chinneadh ón Aontas na bearta sin a dhéanamh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an Chomhaontaithe**

Tá na heilimintí seo a leanas sa Chomhaontú: Creat-chomhaontú; seacht gCreat-Phrótacal; dhá phrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe; agus 25 Iarscríbhinn theicniúla a ghabhann le gach prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, ina bhfuil gach gníomh dlí de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe.

Is iad seo a leanas príomheilimintí an Chomhaontaithe:

**a) An Creat-chomhaontú**

Leagtar amach sa Chreat-Chomhaontú na gnéithe riachtanacha don chomhlachas a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus Andóra agus San Mairíne faoi seach, agus áirithítear leis rannpháirtíocht Andóra agus San Mairíne i margadh inmheánach leathnaithe aonchineálach faoi choinníollacha comhionanna iomaíochta agus urraim do na rialacha céanna, agus creat á bhunú ag an am céanna chun idirphlé agus comhar i réimsí eile leasa choitinn a fhorbairt agus a chur chun cinn. Foráiltear sa Chreat-Chomhaontú go n-urramóidh Andóra agus San Mairíne prionsabal dhlí an Aontais maidir le neamh-idirdhealú ar bhonn náisiúntachta.

Bunaítear leis an gCreat-Chomhaontú freisin creat institiúideach atá comhleanúnach, éifeachtach agus éifeachtúil d’fhonn aonchineálacht an mhargaidh inmheánaigh agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d’oibreoirí eacnamaíocha agus do shaoránaigh (*inter alia*).

Foráiltear leis an gComhaontú go bhféadfaí an Comhaontú idir an tAontas agus ceann de na Stáit Chomhlachaithe a chur i bhfeidhm, go dtí go gcuirfear bailchríoch ar an nós imeachta daingniúcháin chun go dtiocfaidh an comhaontú i bhfeidhm idir na trí pháirtí chonarthacha.

**b) Seacht gCreat-Phrótacal**

Tá seacht gCreat-Phrótacal sa Chomhaontú arb é is aidhm dóibh na forálacha atá sa Chreat-Chomhaontú a shoiléiriú agus a mhionsonrú.

I measc na gCreat-Phrótacal sin, tá roinnt rialacha ginearálta i gCreat-Phrótacal 1 (maidir le hoiriúnuithe cothrománacha), lena n-áirítear maidir le feidhmiú oiriúnuithe sonracha, lena n-áirítear idirthréimhsí agus maoluithe áirithe.

Eagraítear Creat-Phrótacal 3 (maidir le seirbhísí airgeadais) ar bhonn na ngnéithe seo a leanas:

- tá rochtain ar mhargadh aonair an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais ag brath ar mheastóireacht chuimsitheach ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach *acquis* an Aontais maidir leis an earnáil airgeadais agus ar stóinseacht chreataí rialála agus maoirseachta na Stát Comhlachaithe.
- foráiltear sa Chreat-Phrótacal maidir le cur chuige céimnithe, trína bhféadfaidh na Stáit Chomhlachaithe cinneadh a dhéanamh gan rochtain a lorg ar mhargadh inmheánach iomlán an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais; ní mhairfidh an fhéidearthacht sin níos faide ná 15 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.
- chun rochtain a fháil ar an margadh, ní mór don Choimisiún moladh dearfach a ghlacadh gur comhlíonadh na coinníollacha riachtanacha go léir a leagtar amach sa phrótacal.

- i gcás ina léiríonn creataí rialála nó maoirseachta Stáit Chomhlachaithe easnaimh, tá an deis ag an Aontas rochtain ar an margadh a chur ar fionraí.
- tá gá le láithreacht áitiúil agus soláthar seirbhísí sna Stáit Chomhlachaithe;
- is réamhchoinníoll é comhlíonadh an *acquis* maidir le frithsciúradh airgid chun rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais.
- beidh ról lárnach ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha sa phróiseas iniúchóireachta, próiseas ina bhféadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais a bheith rannpháirteach freisin. Ina theannta sin, beidh siad in ann a n-údarás a fheidhmiú maidir leis na Stáit Chomhlachaithe agus maidir lena n-earnáil seirbhísí airgeadais.

Cumhdaítear leis na Creat-Phrótacail eile gnéithe amhail: (a) cur chun feidhme na rialacha iomaíochta is infheidhme maidir le gnóthais; (b) comhar a eagrú i réimse an staidrimh; (c) stádas an choiste comhlachais pharlaimintigh; (d) nósanna imeachta eadrána; agus (e) comhaontuithe atá ann cheana.

**c) Dhá Phrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe**

Tá ábhair sna Prótacail i ndáil le Stáit Chomhlachaithe atá iomlán déthaobhach (idir an tAontas agus ceann de na Stáit Chomhlachaithe) amhail forálacha a bhaineann le comhar custaim.

**d) 25 Iarscríbhinní a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe**

Tá 25 Iarscríbhinn ag gabháil le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, ina bhfuil na gníomhartha dlí de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe. Áirítear sna hIarscríbhinní roinnt oiriúnuithe earnála nó sonracha chun sainiúlachtaí Andóra agus San Mairíne a chur san áireamh, oiriúnuithe a eascraíonn as a gcaidreamh sonrach gaireachta lena gcomharsana, as a méid agus as an daonra réasúnta beag atá acu. Áirítear sna hIarscríbhinní freisin idirthréimhsí chun gníomhartha dlí áirithe de chuid an Aontais a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm ag an dá thír.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn I (Ábhair Thréidliachta agus Fíteashláintíochta) | Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) | Iarscríbhinn XI (Cumarsáid Leictreonach, Seirbhísí Closamhairc agus an tSochaí Faisnéise) | Iarscríbhinn XVI (Soláthar) | Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) |
| Iarscríbhinn II (Rialacháin Theicniúla, Caighdeáin, Tástáil agus Deimhniú) | Iarscríbhinn VII (Aitheantas do Cháilíochtaí Gairmiúla) | Iarscríbhinn XII<br>Saorghluaiseacht Caipitil | Iarscríbhinn XVII (Maoin Intleachtúil) | Iarscríbhinn XXII (Dlí na gCuideachtaí) |
| Iarscríbhinn III (Dliteanas Táirge) | Iarscríbhinn VIII (Ceart Bunaíochta) | Iarscríbhinn XIII (Iompar) | Iarscríbhinn XVIII (Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, Dlí an tSaothair agus Cóir Chomhionann idir Fir agus Mná agus Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair) | Iarscríbhinn XXIII (Custam) |
| Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) | Iarscríbhinn IX (Seirbhís Airgeadais) | Iarscríbhinn XIV (Iomaíocht) | Iarscríbhinn XIX (Cosaint Tomhaltóirí) | Iarscríbhinn XXIV (Talmhaíocht) |
| Iarscríbhinn V (Saorghluaiseacht Oibrithe) | Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta) | Iarscríbhinn XV (Státchabhair) | Iarscríbhinn XX (Comhshaol agus Aeráid) | Iarscríbhinn XXV (Trádáil) |

**CEANGALTÁIN:**

Iarscríbhinn, Cuid 1: An Creat-chomhaontú, Creatphrótacail

Iarscríbhinn, Cuid 2: Prótacal Andóra

Iarscríbhinn, Cuid 3: Iarscríbhinn I a ghabhann le Prótacal Andóra

Iarscríbhinn, Cuid 4: Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Andóra

Iarscríbhinn, Cuid 5: Iarscríbhinní III, IV, V, VI, VII, VIII, IX, X a ghabhann le Prótacal Andóra

Iarscríbhinn, Cuid 6: Iarscríbhinní XI, XII, XIII, XIV, XV, XVI, XVII, XVIII, XIX a ghabhann le Prótacal Andóra

Iarscríbhinn, Cuid 7: Iarscríbhinní XX, XXI, XXII, XXIII, XXIV, XXV a ghabhann le Prótacal Andóra

Iarscríbhinn, Cuid 8: Prótacal San Mairíne

Iarscríbhinn, Cuid 9: Iarscríbhinn I a ghabhann le Prótacal San Mairíne

Iarscríbhinn, Cuid 10: Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal San Mairíne

Iarscríbhinn, Cuid 11: Iarscríbhinní III, IV, V, VI, VII, VIII, IX, X a ghabhann le Prótacal San Mairíne

Iarscríbhinn, Cuid 12: Iarscríbhinní XI, XII, XIII, XIV, XV, XVI, XVII, XVIII, XIX a ghabhann le Prótacal San Mairíne

Iarscríbhinn, Cuid 13: Iarscríbhinní XX, XXI, XXII, XXIII, XXIV, XXV a ghabhann le Prótacal San Mairíne

Iarscríbhinn, Cuid 14: Dearbhuithe

2024/0101 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(6), Airteagal 218(7) agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An [DÁTA], ghlac an Chomhairle Cinneadh Uimh. (AE) ... ón gComhairle, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Prionsacht Andóra ('Andóra') agus Poblacht San Mairíne ('San Mairíne') faoi seach ('an Comhaontú').

(2) Leis an gComhaontú, déantar foráil maidir le rannpháirtíocht an dá thír i margadh inmheánach an Aontais agus sna beartais chothrománacha agus tionlacain ghaolmhara, agus an tráth céanna cuirtear é in ionad na n-aontas custaim atá ann faoi láthair idir an tAontas agus gach ceann de na tíortha sin. Áirítear sa Chomhaontú creat le haghaidh comhar a d'fhéadfadh a bheith ann i réimsí beartais lasmuigh de na ceithre shaoirse amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, cultúr agus comhar réigiúnach.

(3) Chun feidhmiú éifeachtach mhargadh inmheánach an Aontais a áirithiú, déantar foráil sa Chomhaontú maidir le hailíniú dinimiciúil rialála. Ina theannta sin, áirítear sa Chomhaontú forálacha lena mbunaítear sásra um réiteach díospóidí agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar eadránaí ar dhíospóidí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

(4) Déantar staid Andóra agus San Mairíne mar Stáit bheaga a chur san áireamh, i gcomhréir le Dearbhú 3 maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'). Léirítear é sin le roinnt oiriúnuithe ar fhorálacha ghníomhartha dlí an Aontais a áirítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú, agus le roinnt idirthréimhsí chun codanna de *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

(5) Ceadaítear leis an gComhaontú freisin rochtain chéimnithe ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, trína bhféadfaidh Andóra agus San Mairíne cinneadh a dhéanamh gan rochtain a lorg ar mhargadh inmheánach iomlán an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais. Níor cheart go mairfeadh an fhéidearthacht sin níos faide ná 15 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

(6) I bhfianaise shainiúlachtaí Andóra agus San Mairíne agus na rialacha agus na bhforálacha sonracha gaolmhara a tugadh isteach chun freastal ar chomhtháthú margaidh ordúil fónta, ba ghá rochtain ar an margadh i réimse na seirbhísí airgeadais a chur faoi réir coimircí sonracha breise lena rialaítear an caidreamh idir na Ballstáit sa mhargadh inmheánach, go háirithe i ndáil leis na ceanglais maidir le soláthar áitiúil seirbhísí agus cumhachtaí éigeandála na nÚdarás Maoirseachta Eorpach.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart rochtain ar mhargadh inmheánach an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a bheith ag brath ar mheastóireacht chuimsitheach ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach *acquis* an Aontais maidir leis an earnáil airgeadais agus ar stóinseacht chreataí rialála agus maoirseachta Andóra agus San Mairíne agus éileofar leis go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach moladh dearfach gur comhlíonadh na coinníollacha riachtanacha uile a leagtar amach sa Chomhaontú. Ba cheart an measúnú ar staid chreataí rialála agus maoirseachta Andóra agus San Mairíne a bheith bunaithe ar rialacha dá bhforáiltear i gcreat rialála an Aontais.

(8) Is iomchuí na módúlachtaí a shainiú maidir le hionadaíocht an Aontais sa Choiste Comhlachais agus sna coistí speisialaithe arna mbunú leis an gComhaontú. Tá an Coimisiún, mar a fhoráiltear in Airteagal 17(1) CAE, le hionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas agus seasamh an Aontais Eorpaigh a chur in iúl i gcomhréir leis na Conarthaí.

(9) Is iomchuí na módúlachtaí a shainiú chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Comhchoistí arna mbunú leis an gComhaontú chun a ráthú go ndéanfar na gníomhartha dlí arna nglacadh ag an Aontas sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú a ionchorprú sa Chomhaontú a luaithe is féidir tar éis a nglactha agus a dtarchurtha chuig Andóra agus San Mairíne d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, go gcuirfear na gníomhartha dlí sin i bhfeidhm go comhuaineach san Aontas agus in Andóra agus San Mairíne faoi seach.

(10) Is iomchuí an Coimisiún a údarú, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe sin. Ba cheart an nós imeachta maidir le dul i gcomhairle leis an gComhairle i ndáil leis na modhnuithe sin a leagan síos.

(11) D'fhonn a chur ar chumas an Aontais gníomhú go tapa agus go héifeachtach chun a leasanna a chosaint i gcomhréir leis an gComhaontú, agus go dtí go nglacfar gníomh reachtach sonrach lena rialálfar glacadh beart feabhais faoin gComhaontú agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm san Aontas, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún Eorpach bearta feabhais a dhéanamh, amhail bearta cúitimh maidir leis an gComhaontú a bheith curtha i bhfeidhm go mícheart, bearta coimirce i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha agus comhshaoil de chineál réigiúnach, ar deacrachtaí iad a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe nó bearta coimirce i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéanamh an duine a dhéanann difear don Aontas.

(12) Síníodh an Comhaontú sa Bhruiséil an (...). Ba cheart an Comhaontú agus na Dearbhuithe a ghabhann leis a fhormheas, thar ceann an Aontais.

(13) Ba cheart don Choimisiún dul ar aghaidh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an ionstraim formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 112 den Chomhaontú a thaisceadh,

d'fhonn toiliú an Aontais Eorpaigh a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Andóra agus San Mairíne faoi seach.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais, sna Comhchoistí, sna Fochoistí um Chomhar Custaim, sna Fochoistí um Shábháilteacht Bia agus um Ábhair Thréidliachta agus Fíteashláintíochta, sna Fochoistí um Sheirbhísí Airgeadais, sna Fhochoistí Staidrimh, agus in aon fhochoistí agus meithleacha breise a bheidh bunaithe i gcomhréir le mír 8 d'Airteagal 76 den Chreat-Chomhaontú.

2. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcomhlachtaí arna gcruthú leis an gComhaontú, cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas go tráthúil faoi na pléití agus faoi thoradh na gcruinnithe agus faoi na gníomhartha arna nglacadh sna cruinnithe sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 3*

1. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach togra a mheasann sé a thagann faoi réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú a chur faoi bhráid na Comhairle, léireoidh sé, tar éis a ghlactha, go ndéanfar an gníomh dlí a bheidh ann amach anseo a leathnú chuig Andóra agus San Mairíne faoi seach.

2. Údarófar don Choimisiún Eorpach aon seasamh a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sna Comhchoistí a leagtar amach in Airteagal 76 den Chreat-Chomhaontú maidir le cinntí lena leathnaítear gníomhartha dlí an Aontais go hAndóra agus San Mairíne faoi seach, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla is gá.

3. Maidir le cinntí arna nglacadh ag na Comhchoistí seachas na cinn sin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, bunófar na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(9) CFAE.

*Airteagal 4*

1. Gan dochar d'Airteagal 3, údarófar don Choimisiún modhnuithe a fhormheas, thar ceann an Aontais, ar na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe a ghabhann leis an gComhaontú, modhnuithe atá le glacadh ag na Comhchoistí i gcomhréir le hAirteagal 108 den Chreat-Chomhaontú.

2. Déanfaidh an Coimisiún na modhnuithe atá beartaithe agus a shonraítear i mír 1 a chur faoi bhráid na Comhairle sula bhformheasfar iad.

Déanfaidh an Coimisiún na modhnuithe sin atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais ach amháin más rud é, laistigh d'aon mhí amháin tar éis don Choimisiún iad a chur faoi bhráid na Comhairle, go ndéanann roinnt Ballstát, arb ionann a líon agus mionlach blocála den Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) CAE, agóid ina n-aghaidh. Má dhéantar agóid den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, na modhnuithe atá beartaithe.

*Airteagal 5*

Sula nglacfar na dréachtchritéir mheasúnaithe agus an mhodheolaíocht a fuarthas ó Údaráis Mhaoirseachta an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hAirteagal 10 de Chreat-Phrótacal 3 (maidir le seirbhísí airgeadais) a ghabhann leis an gComhaontú a chur i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún Eorpach iad a tharchur chuig an gComhairle agus a chur in iúl di.

*Airteagal 6*

Sula nglacfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais Eorpaigh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chreat-Phrótacal 3 (maidir le seirbhísí airgeadais) a ghabhann leis an gComhaontú, cuirfidh siad an Coimisiún Eorpach ar an eolas agus cuirfidh an Coimisiún Eorpach an méid sin in iúl don Chomhairle.

*Airteagal 7*

Go dtí go dtiocfaidh gníomh reachtach sonrach lena rialáltfar glacadh na mbeart a liostaítear i bpointí (a) go (c) den Airteagal seo i bhfeidhm san Aontas, is é an Coimisiún a dhéanfaidh aon chinneadh ón Aontas na bearta sin a dhéanamh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe:

(a) bearta cúitimh maidir leis an gComhaontú a bheith curtha i bhfeidhm go mícheart d'fhonn míchothromaíochtaí a leigheas i gcomhréir le hAirteagal 90 den Chreat-Chomhaontú;

(b) bearta coimirce i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha agus comhshaoil de chineál réigiúnach a bheith ann arb é cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe is cúis leo agus ar dócha go leanfar díobh i gcomhréir le hAirteagal 97 den Chreat-Chomhaontú;

(c) bearta coimirce i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéanamh an duine a dhéanann difear don Aontas i gcomhréir le hAirteagal 98 den Chreat-Chomhaontú.

*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*